Nóta: Is cóip den leagan bunaidh a clóscríobhadh i nDeireadh Fómhair 2023 é an leagan leictreonach seo.

R.R. 87355 (2) Imlitir 18/79

## An Roinn Oideachais

## Brainse an Bhunoideachais

Imlitir do údaráis bhainistíochta agus do phríomhoidí scoileanna náisiúnta.

Cé go bhfuil sé iontuigthe gur gné bhunúsach do churaclam na bunscoile í an Ghaeilge, is mian leis an Aire Oideachais a chur in iúl do údaráis bhainistíochta agus do oidí scoileanna náisiúnta gur féidir leis an Roinn saordhul ó fhoghlaim na Gaeilge a thabhairt do dhalta a fuair a chuid bunoideachais i dTuaisceart Éireann nó taobh amuigh d'Éirinn anall go dtí 11 bhliain d'aois, má bhí an tuismitheoir nó an caomhnóir, a raibh an dalta sin faoina chaomhnú i rith tréimhse oideachais an dalta. Is féidir leis an Roinn an saordhul seo a thabhairt do pháistí taidhleoirí nó ionadaithe consa tíortha iasachta chomh maith.

Nuair a ghlactar isteach i scoil náisiúnta dalta a mheastar go mbaineann téarmaí na rialach seo leis, ba choir do údarás bainistíochta, a luaithe agus is féidir, iarratas ar an saordhul a chur chuig an Roinn mas é seo toil an tuismitheora nó an chaomhnóra. Ní ceart an saordhul a thabhairt, ar chúinse ar bith, gan cead na Roinne a bheith faighte roimhré ar eagla go n-éireodh deacrachtaí níos deanaí don dalta ag leibheál an iarbhunoideachais.

Ceadófar do dhaltaí, go bhfuil saordhul ó staidéar na Gaeilge mar ábhar éigeantach tugtha dóibh, fanacht san rang le linn an cheachta béil bheith ar siúl, d'fhonn caoi a thabhairt dóibh focail agus corthaí cainte na teangan d'fhoghlaim.

Iarrtar ar phríomhoidí téarmaí na hImlitre seo a chur in iúl do gach duine dá bhfóirne.

D. Ó Laoghaire,
Rúnaí.

Meán Fómhair, 1979.